Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**12751/25**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2025/0200 (NLE)**
**2025/0213 (NLE)**
**2025/0216 (NLE)**
**2025/0220 (NLE)**
**2025/0225 (NLE)**

**FISC 238**
**ECOFIN 1158**
**AND 12**
**CH 45**
**FL 49**
**MC 12**
**SM 11**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinntí ón gComhairle maidir le síniú na bPrótacal Leasaitheach a ghabhann leis na Comhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis, Lichtinstéin, Andóra, Monacó agus San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta<br>- Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais<br>- Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Lichtinstéin maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais<br>- Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Andóra maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais<br>- Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Monacó maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais<br>- Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais<br>= Glacadh |

1. An 10 Iúil agus an 17 Iúil 2025, thíolaic an Coimisiún na tograí le haghaidh Cinntí ón gComhairle maidir le síniú na bPrótacal Leasaitheach a ghabhann leis na Comhaontuithe idir an tAontas agus, faoi seach, an Eilvéis, Lichtinstéin, Andóra, Monacó agus San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta.[1] I gcás na hEilvéise, cumhdaítear freisin leis an togra maidir le síniú an cur i bhfeidhm sealadach.

2. Is é is aidhm do na Comhaontuithe atá ann cheana feabhas a chur ar an gcomhlíonadh cánach idirnáisiúnta i gcomhréir leis an gComhchaighdeán Tuairiscithe (CCT) a d'fhorbair an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE). An 26 Lúnasa 2022, d'fhormheas ECFE athruithe ar CCT a mbeidh feidhm acu ón 1 Eanáir 2026. Is é príomhaidhm na dtograí le haghaidh na gCinntí thuasluaite ón gComhairle a áirithiú go mbeidh an t-uathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais idir Ballstáit an Aontais agus na cúig thír faoi seach ailínithe le CCT nuashonraithe agus go leanfar den uathmhalartú sin ón 1 Eanáir 2026.

3. An 21 Lúnasa 2025, d'eisigh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) a thuairimí maidir leis na tograí le haghaidh na gCinntí ón gComhairle[2].

4. An 3 Meán Fómhair 2025, ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Díreach), tháinig na toscaireachtaí ar chomhaontú maidir leis na téacsanna comhréitigh ón Uachtaránacht i ndáil leis na Cinntí ón gComhairle maidir leis an síniú agus maidir leis na Prótacail Leasaitheacha, faoi réir athbhreithniú dlítheangeolaíoch ar na téacsanna. Cuireadh an Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) ar an eolas faoi staid na himeartha an 23 Meán Fómhair 2025.

---

[1] Doiciméid 11510/25 + ADD 1 (an Eilvéis); 11751/25 + ADD 1 (Lichtinstéin); 11750/25 + ADD 1 (Andóra); 11760/25 + ADD 1 (Monacó); 11763/25 + ADD 1 (San Mairíne).

[2] Doiciméid 12199/25 (an Eilvéis), 12195/25 (Lichtinstéin), 12196/25 (Andóra), 12197/25 (Monacó), 12198/25 (San Mairíne).

5. I bhfianaise an mhéid sin iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an méid a leanas a ghlacadh mar mhír A ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:

– An Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air in 11648/25;

– An Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air in 11650/25;

– An Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air in 11785/25;

– An Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air in 11786/25;

– An Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air in 11782/25;

– An Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air in 11783/25;

– An Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail Leasaithigh, a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Mhonacó maidir le malartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta i gcomhréir leis an gCaighdeán maidir le hUathmhalartú Faisnéise i dtaca le Cuntais Airgeadais i gCúrsaí Cánach arna fhorbairt ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air in 11793/25;

– An Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Mhonacó maidir le malartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta i gcomhréir leis an gCaighdeán maidir le hUathmhalartú Faisnéise i dtaca le Cuntais Airgeadais i gCúrsaí Cánach arna fhorbairt ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air in 11796/25;

– An Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air in 11799/25;

– An Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air in 11800/25.